

An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0203(COD)

14016/1/26
REV 1

ENER 626
FISC 330
ECOFIN 1265
CODEC 1839

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	12071/26
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/943, a mhéid a bhaineann le féachaint chuige go seasfaidh billí leictreachais an aimsir san Aontas Eorpach, trí chostais chórais a laghdú agus trí leictriú agus digitiú a chothú - Díospóireacht bheartais

In oirchill na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh an 29 Deireadh Fómhair 2026, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an nóta cúlra ón Uachtaránacht maidir leis an togra thuasluaite.

**DÍOSPÓIREACHT BHEARTAIS I nDÁIL LEIS AN TOGRA MAIDIR LE MUIRIR
GHRÉASÁIN**

Sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 19 Márta 2026, iarradh ar an gCoimisiún bearta spriocdhírithe a thíolacadh go práinneach ar fud chomhpháirteanna uile na bpraghsanna leictreachais¹. I measc na mbeart freagartha a chuir an Coimisiún ar aghaidh tá an togra le haghaidh Rialachán maidir le Muirir Líonra².

Is é is aidhm don togra maidir le Muirir Ghréasáin an Pacáiste um Eangacha a chomhlánú trí dhearadh taraifí líonra a neartú chun úsáid chostéifeachtúil an bhonneagair eangaí a dhreasú ar bhealach níos fearr. Ina theannta sin, tá bearta ann chun tacú le heangacha cliste, méadair chliste, malartú sonraí eangaí, tús áite a thabhairt do nascadh leis an eangach agus cánachas leictreachais. Táthar ag súil go gcuirfidh na bearta sin go léir gnóthachain éifeachtúlachta agus coigilteas costais ar fáil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí Eorpacha.

Ó foilsíodh an togra maidir le Muirir Líonra, tá scrúdú críochnúil ar an togra molta ag an Uachtaránacht sa Mheitheal um Fhuinneamh. D'ullmhaigh an Uachtaránacht dhá théacs comhréitigh athbhreithnithe bunaithe ar na barúlacha a fuarthas ó na Ballstáit. Lorgáítear tuairimí na nAirí le béim faoi leith ar shaincheistanna a bhaineann le dearadh taraifí agus cánachas leictreachais.

1. Dearadh taraifí

Príomhchuspóir de chuid an togra maidir le Muirir Líonra is ea na prionsabail atá ann cheana maidir le dearadh taraifí a neartú, go háirithe i ndáil le dreasachtaí éifeachtúlachta a chur chun feidhme amhail comharthaí praghais suímh agus ama úsáide i ndearadh taraifí náisiúnta.

Ina theannta sin, chun trédhearcacht fheabhsaithe a sholáthar maidir le dearadh taraifí, mar aon le hinchomparáideacht fheabhsaithe ar fud na mBallstát, mhol an Coimisiún struchtúr coiteann taraifí chun modheolaíocht taraifí a chomhchuibhiú.

¹ EUCO 1/26

² 12071/26

Ceist ar na hAirí:

Ceist 1. *Conas is féidir linn feabhas a chur ar chur chun feidhme na bprionsabal dearaidh tarairí atá fabhrach don chóras, agus a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go trédhearcach agus go comhsheasmhach ar fud na mBallstát?*

2. Cánachas leictreachais

Chun ‘éifeacht tocht uisce’ a sheachaint, mar a thugtar uirthi, lena bhféadfadh athruithe ar bheartas cánachais aon ghnóthachain éifeachtúlachta a eascraíonn as dearadh feabhsaithe muirear gréasáin a fhritháireamh, mhol an Coimisiún roinnt bearta coimhdeacha cánachais:

- i) go nglacfaidh na Ballstát creat cánachais lena dtacófaí leis an leictreachas;
- ii) go gcuirfeadh na Ballstáit dleachtanna máil leictreachais i bhfeidhm atá níos lú ná dleachtanna máil gáis nádúrtha nó cothrom leo; agus
- iii) go measfaí leictreachas a sholáthraítear do ghnólachtaí dianfhuinnimh, mar a shainmhínítear sa Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, a bheith ag comhlíonadh choinníollacha comhshaoil ábhartha na Treorach sin lena gceadaítear do Bhallstát laghduithe ar rátaí nó dleachtanna máil nialas-rátaithe a thabhairt isteach le haghaidh an leictreachais sin.

Le linn an scrúdaithe ar an togra reachtach ar an leibhéal teicniúil, chuir go leor Ballstát in iúl go ginearálta go dtacaíonn siad leis an gcuspóir an leictriú a dhreasú. Ar phointe prionsabail, áfach, chuir go leor Ballstát in iúl gur mheas siad gurb é an bunús dlí cánachais faoi Airteagal 113 CFAE an bonn iomchuí don fhoráil sin, rud a d’éiligh cinneadh d’aon toil.

Ceist ar na hAirí:

Ceist 2. I bhfianaise an chuspóra leictriú a dhreasú, iarrtar ar na hairí tuairimí a thabhairt maidir leis na gnéithe cánachais atá beartaithe sa togra reachtach seo.